
# Lá Earraigh sa Choill



Lá breá earraigh atá ann. Tá an rang ar fad in éineacht leis an máistir sa choill i Ros Mór. Is iontach an áit í an choill anois. Tá fás ag teacht faoi gach rud. Tá **bachlóga** ar ghéaga cuid de na crainn. Feicimid an **bheith,** an **dair,** an **seiceamar,** an **fhuinseog, agus an crann cnó chapaill** sa choill. In áiteanna tá a lán caonaigh ag fás thart ar na crainn. Is deas bheith ag éisteacht leis na héin ag canadh. Tá siad an-ghnóthach ag eitilt isteach is amach sa choill. Ag tógáil neadacha ar na crainn atá siad. Tá a lán bláthanna léana ag fás sa choill freisin. Tá an t-iora rua, an giorria agus an sionnach an-ghnóthach freisin.

**Míonna an Earraigh** : Feabhra, Márta, Aibreán.

**Foclóir:**

| | |
|---|---|
| **bachlóga,** buds | **an crann cnó chapaill,** chestnut tree |
| **an bheith,** birch | **an t-iora rua,** squirrel |
| **an dair,** oak | **an giorria,** hare |
| **an seiceamar,** sycamore | **an sionnach,** fox |

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cá bhfuil an rang ar fad?
   — ar scoil.
   — sa choill.
   — ar an gcnoc.
2. Cad atá ag fás thart ar na crainn?
   — féar.
   — bláthanna.
   — caonach.
3. Céard atá á dhéanamh ag na héin?
   — Tá siad ag ithe aráin.
   — Tá siad ag tógáil neadacha.
   — Tá siad ag léamh leabhair.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Lá breá — atá ann.
2. Is — an áit í an choill anois.
3. Tá fás ag teacht faoi — — .
4. Is deas bheith ag — leis na héin ag canadh.
5. Ag tógáil — ar na crainn atá siad.

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**

iontach, in éineacht, an bheith, caonach, ag tógáil, ag eitilt.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cé atá sa choill leis an rang?
2. Cad atá ar ghéaga cuid de na crainn?
3. Cad iad na crainn atá sa choill?
4. Cá bhfios duit go bhfuil na héin an-ghnóthach?
5. Cén saghas bláthanna atá ag fás sa choill?
6. Cén fáth a bhfuil an rang ar fad sa choill?
7. An raibh tusa i gcoill riamh?
8. Céard iad na hainmhithe a chonaic tú?

**Gramadach 19**

1. **Lá breá earraigh** a bhí ann.
   (fómhar, samhradh, geimhreadh.)
2. **Ag tógáil neadacha** atá siad.
   (imir/cleasanna, ith/úlla, caith/clocha, abair/paidreacha.)